

# Seicliosta do Dhaoine atá ag Déanamh Iarratais ar Thithíocht Shóisialta



Comhairle Contae Lú  
Louth County Council

- Foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán. Caithfear gach ceist a fhreagairt.
- Tá an fhoirm iarratais sínithe agus dátaithe.
- Cóip d'aitheantas grianghraf do gach iarratasóir.
- Cóipeanna de theastais bhreithe do gach duine atá ainmnithe ar an iarratas (leanaí san áireamh).
- Cóip den deimhniú pósta (más infheidhme). Ní gá é seo má tá an t-iarratasóir scartha.
- Doiciméid an idirscartha - cóip den chomhaontú idirscartha nó, mura bhfuil sé scartha go dlíthiúil, ansin litir ó aturnaí, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil nó mionnscribhinn faoi mhionn arna síniú agus arna stampáil ag aturnaí ag deimhniú an idirscartha.
- Cruthúnas ar sheoladh gach iarratasóra - cóip de chomhfhreagras le déanaí, agus dáta laistigh de na 6 mhí dheireanacha air, dírithe chuig gach iarratasóir ag do chóiríocht reatha.

- Cruthúnas ar sheoladh do gach iarratasóir:

Má tá tú ag íoc cíosa -

cóip den chomhaontú tionóntachta / léasa sínithe nó litir shínithe ón tiarna talún ag deimhniú na tionóntachta.

Má tá tú i do chónaí le do thuismitheoirí -

litir shínithe ó dhuine de do thuismitheoirí ag deimhniú go bhfuil tú i do chónaí ann, seoladh na háite cónaithe, líon na seomraí codlata san áitreabh agus cé eile atá ina chónaí ann.

Má tá tú i do chónaí le cara/gaol eile -

litir shínithe ón gcara nó ón ngaol ag deimhniú go bhfuil tú i do chónaí ann agus seoladh na háite cónaithe.

Caithfear uimhreacha teileafóin a sholáthar dóibh siúd a shíníonn na litreacha thuas.


- Cruthúnas ar chead fanacht in Éirinn maidir le gach iarratasóir neamh-LEE - cóip de Chead Cónaithe Éireannach reatha agus, má tá sé ar fáil, cóip den litir ón Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais.

**NÓTA Agus comhiarratasóir á chur leis, teastaíonn sonraí ioncaim nuashonraithe (mar atá mínithe thíos) do gach duine atá ag fáil ioncaim. Mar sin féin, agus comhiarratasóir á chur le faighteoir HAP atá ann cheana, ní theastaíonn fianaise ar ioncam reatha ach do gach duine atá ag fáil ioncaim.**

- Fianaise ar ioncam ó FHOSTAÍOCHT, más cuí, do gach duine a ainmnítear ar an iarratas - fianaise ar ioncam sna 12 mhí roimhe sin trí theaghlaim de:
  - Ráiteas Dlíteanais na bliana roimhe sin; AGUS
  - Achoimre Sonraí Fostaíochta na bliana roimhe sin; AGUS
  - an duillín pá deiridh don bhliain roimhe sin; AGUS
  - an Achoimre Pá agus Cánach don bhliain reatha go dtí seo; AGUS
  - an duillín pá is déanaí.

Is féidir an Ráiteas Dlíteanais, Achoimre Sonraí Fostaíochta agus Achoimre Pá agus Cánach a fháil ó sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, myAccounts, nó ó d'oifig cánach áitiúil.

FÉACH THALL



- Fianaise ar ioncam ó FÉINFHOSTAÍOCHT, más cuí, maidir le gach duine a ainmnítear ar an iarratas - cuntais 2 bhliain le Tuarascáil Iniúchóra AGUS Fógra Measúnaithe agus / nó litir Admhála Féinmheasúnaithe (Foirm 11) don 12 mhí roimhe sin.
- Fianaise ar ioncam ó CHOIMIRCE SHÓISIALACH, nuair is cuí, maidir le gach duine a ainmníodh ar an iarratas - ráiteas le déanaí ón Roinn Coimirce Shóisialaigh ag tabhairt mionsonraí gach íocaíochta leasa a fuarthas don 12 mhí roimhe sin agus ag tabhairt na tréimhse lena mbaineann íocaíochtaí den sórt sin. Is féidir an ráiteas seo a fháil ó sheirbhís ar líne na Roinne Coimirce Shóisialaigh, MyWelfare, nó ó d'oifig áitiúil den Roinn Coimirce Shóisialaigh. Má tá duine atá ainmnithe ar an iarratas ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar feadh níos lú ná 12 mhí, más cuí, teastaíonn Ráiteas Dlíteanais agus Achoimre Sonraí Fostaíochta AGUS an duillín pá deiridh ón bhfostaíocht don bhliain roimhe sin mar aon leis an Achoimre Pá agus Cánach don bhliain reatha go dtí seo agus an duillín pá is déanaí ón bhfostaíocht.
- Aon mhaoin/talamh atá faoi úinéireacht i láthair na huaire (má tá maoin/talamh ag an iarratasóir i dtír ar bith) - litir dlíodóra (agus aistriúchán Béarla más gá) ag tabhairt mionsonraí faoi shuíomh, stádas reatha na maoin/na talún agus aon airgead atá á fháil i leith na maoin/talamh.
- Aon mhaoin/talamh a bhí faoi úinéireacht roimhe seo (má bhí maoin/talamh ag an iarratasóir i dtír ar bith) - litir dlíodóra (agus aistriúchán Béarla más gá) ag tabhairt mionsonraí faoin suíomh, cathain ar dhiúscair an t-iarratasóir an mhaoin/talamh agus cé mhéad a fuarthas dó.
- Tionónta d'údaráis áitiúil/de chomhlacht tithíochta ceadaithe roimhe seo (má bhí aon iarrthóir ina t(h)ionónta údaráis áitiúil/chomhlacht tithíochta ceadaithe iarratasóir roimhe seo) - litir ón údarás áitiúil /comhlachta tithíochta ceadaithe ag leagan amach sonraí na tionóntachta roimhe seo. Ba cheart go n-áireofaí sa litir seo fad na tionóntachta, an chúis gur fhág sí/sé, riaráistí agus aon fhaisnéis ábhartha eile. Má tá riaráistí ann, beidh gá le fianaise go bhfuil plean íocaíochta i bhfeidhm.
- Iarratasóirí ar thithíocht shóisialta le húdarás áitiúil eile - má tá aon iarratasóir ar an liosta feithimh tithíochta sóisialta le húdarás áitiúil eile faoi láthair, fianaise go bhfuil an t-iarratas dúnta.
- Fianaise ar shocruithe rochtana leanaí - cáipéisíocht dlí a thugann breac-chuntas ar na socruithe rochtana thar oíche NÓ litir shínithe ón té a fhaigheann Sochar Leanaí don leanbh/leanaí ag deimhniú na socruithe rochtana thar oíche (caithfear uimhir theileafóin a sholáthar don té a shíníonn an litir).
- Ná comhlánaigh Foirm 1 HMD ach amháin más mian leat go ndéanfaí d'iarratas ar thithíocht shóisialta a mheas ar fhorais mhíochaine nó mhíchumais. Tá an fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh ar Chomhairle Contae Lú agus ar an suíomh Gréasáin [www.louthcoco.ie](http://www.louthcoco.ie). Má tá aon riachtanais shonracha cóiríochta ann, teastóidh tuarascáil Teiripeoir Saothair freisin.
- Morgáiste go Cíos (má tá tú ag déanamh iarratais ar an scéim Morgáiste go Cíos) - litir ó d'iasachtóir ag deimhniú go bhfuil an morgáiste neamh-inbhuanaithe.
- Morgáiste go Cíos (má tá tú ag déanamh iarratais ar an scéim Morgáiste go Cíos) - comhlánaigh an Fhoirm Iarratais ar Mhorgáiste ar Cíos atá ar fáil ó d'iasachtóir.

**IS FÉIDIR GO N-IARRFAIDH COMHAIRLE CHONTAE LÚ FAISNÉIS BHREISE CHUN MEASÚNÚ D'IARRATAS AR THITHÍOCHT SHÓISIALTA A THABHAIRT CHUN CRÍCHE**